2025/2094

16.10.2025

CINNEADH (AE) 2025/2094 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Deireadh Fómhair 2025

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht na hIorua le haghaidh comhaontú maidir le comhar riaracháin i réimse na cánach dírí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i gcomhar le h Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Baineann na Ballstáit tairbhe as creat láidir dea-chomhtháite an chomhair riaracháin i réimse na cánach dírí a leagtar síos i dTreoir 2011/16/AE ón gComhairle ([1]). Is é is aidhm don chreat sin comhlíonadh cánach a áirithiú laistigh den Aontas agus cúnamh a thabhairt d'údaráis chánach calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chosc agus dul i ngleic leo.

(2) Is príomh-chomhpháirtí trádála de chuid an Aontais í Ríocht na hIorua ('an Iorua') agus is páirtí conarthach sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) í. Is chun leasa na mBallstát é raon feidhme an chreata comhair i réimse an chánachais idir an tAontas agus an Iorua a leathnú, atá teorannaithe faoi láthair do réimse na cánach breisluacha.

(3) Chuige sin, ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú maidir le comhar riaracháin i réimse na cánach dírí a thabhairt i gcrích leis an Iorua, lena leathnófaí raon feidhme uathmhalartú faisnéise go cómhalartach idir na Ballstáit agus an Iorua, trí mhalartú faisnéise a chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus Airteagail 8a agus 8ab de Threoir 2011/16/AE.

(4) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gcaibidlíocht freisin raon feidhme an chúnaimh maidir le haisghabháil cánach idir na Ballstáit agus an Iorua a leathnú, trí éilimh a bhaineann le gach cineál cánach a chumhdach seachas iad siúd a chumhdaítear cheana leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha ([3]), i gcomhréir le Treoir 2010/24/AE ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú maidir le comhar riaracháin i réimse na cánach dírí le Ríocht na hIorua.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo. Déanfar athbhreithniú agus tuilleadh forbartha ar na treoracha caibidlíochta sin faoi mar is iomchuí ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar sa chaibidlíocht.

Airteagal 2

1. Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Cheisteanna Cánach a ainmnítear mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don choiste speisialta dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na céimeanna arna nglacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoiste ar bhonn rialta.

([1]) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([3]) IO L 195, 1.8.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/1089/oj.
([4]) Treoir 2010/24/AE ón gComhairle an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil (IO L 84, 31.3.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/24/oj).

3. Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE